Léachtóir le Gnó

Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta

Fiontar & Scoil na Gaeilge

Conradh Buan

Réamhrá

Institiúid dinimiciúil dlúth-thaighde is ea DCU (www.dcu.ie) a mbaineann gné ilréimseach dhomhanda léi agus aithnítear í as caighdeán agus tionchar a cuid céimithe, mar aon lena plé leis an léann chun leasa na sochaí agus an gheilleagair. Cuirtear oiliúint an-mhaith ar a cuid mac léinn trí oideachas ardchaigheáin iomlánaíoch atá in oiriúint do dhúshláin agus deiseanna an 21ú haois a chur ar fail dóibh le go bhfeidhmeoidh siad go rathúil sa saol agus sa láthair oibre. Mar Ollscoil Fiontraíochta na hÉireann, baineann an nuálaíocht agus an fhiontraíocht go smior léi mar aon le teist mhaith a bheith uirthi as caidreamh éifeachtúil a thógáil le hearnáil na fiontraíochta, fiontair thráchtála, shoisialta agus chultúrtha san áireamh. Toisc feabhas a cuid gníomhaíochtaí oideachais agus taighde, baineann sí áit amach go leanúnach i rangú domhanda na n-ollscoileanna óga is fearr. Tá DCU san áireamh i measc an 50 ollscoil idirnáisiúnta is fearr atá faoi 50 bliain d'aois i rangú de chuid QS, '*Top 50 under 50*'.

Scoil dlúth-thaighde is ea Fiontar & Scoil na Gaeilge ina soláthraítear réimse clár ag leibhéal BA, MA agus PhD, agus ina ndírítear go láidir ar an teagasc, an taighde agus na daonnachtaí digiteacha. Is mian le DCU Léachtóir le Gnó a cheapadh ar chonradh buan ón 1 Meán Fómhair 2017. Ba cheart cáilíocht iarchéime chuí a bheith ag iarratasóirí. Cuirfear béim ar shaineolas sna réimsí seo a leanas agus an gearrliostú agus an roghnú deiridh ar bun: bainistíocht straitéiseach, dlí agus rialachas corparáideach, bainistíocht AD, ceannaireacht, nó réimsí eile cuí sa disciplín. Beidh Gaeilge líofa ag an iarrthóir rathúil.

Clár Ionchorpraithe DCU

Tá DCU ag fás agus tháinig athrú suntasach ar an Ollscoil le linn 2016 nuair a thug Clár Ionchorpraithe DCU trí institiúid éagsúla le chéile i bpáirt leis an Ollscoil: Coláiste Phádraig, Droim Conrach; Institiúid Oideachais Mater Dei, agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann. Tugadh le chéile na disciplíní uilig mar aon le beagnach 200 ball foirne a bhain leis na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta in DCU, i gColáiste Phádraig agus in Institiúid Oideachais Mater Dei i ndámh mhéadaithe amháin, Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta.

Fiontar & Scoil na Gaeilge

Scoil ildisciplíneach is ea Fiontar & Scoil na Gaeilge atá aitheanta go forleathan ar chaighdeán na gclár a sholáthraítear inti agus ar nuálacht an teagaisc agus an taighde atá ar bun ag an bhfoireann. Tá dhá chlár fochéime sa Scoil, BA Gnó agus Gaeilge agus BA Gaeilge agus Iriseoireacht; dhá chlár iarchéime teagaisc, MA i Léann na Gaeilge and MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais, mar aon le clár PhD. Múineann baill foirne ar an gClár Comhonóracha BA laistigh de Dhámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, agus ar chlár an BEd agus ar an Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Bunscolaíocht) in Institiúid Oideachais DCU. Beidh an t-iarrthóir rathúil ag teagasc modúil ghnó sa Scoil ag leibhéal fochéime agus iarchéime agus beifear ag súil go mbeidh ról aige/aici maidir le modúil agus cláir nua a dhearadh agus a

mhúineadh de réir mar is cuí. Bíonn an-deis ag iarrthóirí bheith ag teagasc laistigh dá réimse saineolais féin ar chláir na Scoile agus tá méadú ag teacht de réir a chéile ar líon na n-iarrthóirí PhD.

Tá an Scoil tiomanta don taighde ar ardchaighdeán agus tacaítear leis an bhfoireann maidir leis sin. Tá an-rath orainn le tamall fada anuas i dtaca le maoiniú seachtrach a ghnóthú chun réimse tograí taighde a bhaineann leis an nGaeilge agus na daonnachtaí digiteacha a chur sa siúl, e.g. ainm.ie, duchas.ie, Fáilte ar Líne, gaois.ie, iate.europa.eu, logainm.ie, speakapps.eu, and tearma.ie.

Scileanna agus Taithí
Beidh bunchéim onóracha agus iarchéim i réimse cuí ag iarrthoirí. Go hidéalach, beidh taithí mhaith sa disciplín acu agus beidh siad i mbun taighde dochtúireachta faoi láthair. Ba chóir go mbeadh taithí teagaisc chuí san ardoideachas acu agus go mbeidís tiomanta don fhoilsiú acadúil sna hirisí cuí. Ba bhuntáiste é bheith in ann an cumas dea-chaidreamh a chothú le rannpháirtithe acadúla agus neamhacadúla in earnáil an ghnó a léiriú. Beidh an té a cheapfar in ann feidhmiú mar bhall de mheitheal agus ba chóir go mbeadh sé/sí féinspreagtha, solúbtha agus inoiriúnaithe i dtaca le feidhmiú i réimse gníomhaíochtaí acadúla sa Scoil. Beidh ardlíofacht sa Ghaeilge aige/aici.

Dualgais agus Freagrachtaí
Aíreofar na nithe seo a leanas ar dhualgais agus freagrachtaí an phoist ach ní teoranta dá bhfuil anseo atá siad, mar sin féin:

- modúil a mhúineadh ag leibheal fochéime agus iarchéime;
- clár taighde gníomhach a leanúint ina mbeidh foilseacháin taighde á saothrú ar bhonn leanúnach in irisí acadúla idirnáisiúnta agus le foilsitheoirí gradamúla go haonarach agus, de réir mar is cuí, i bpáirt le comhghleacaithe in DCU agus in institiúidí eile;
- mic léinn taighde a stiúradh;
- páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí acadúla na Scoile agus cur le próifíl na Scoile i dtaca leis an teagasc agus an taighde;
- dualgais riaracháin a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

Fiosrúcháin neamhfhoirmeálta:
An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh, Ceann Scoile, Fiontar & Scoil na Gaeilge
Rphost: ciaran.macmurchaidh@dcu.ie; Teil. +353 1 700 6344

Eolas breise:
Is féidir teacht ar eolas breise faoin Scoil, sainréimsí taighde agus sonraí na gclár teagaisc san áireamh, ag: **http://www.dcu.ie/fiontar_scoilnagaeilge**.

Scálaí tuarastail:
Léachtóir os cionn an bhaic: €50,159 - €76,891*
Léachtóir faoi bhun an bhaic: €37,352 - €51,724*

* Déanfar an ceapachán de réir cháilíochtaí agus taithí an iarrthóra ar an bpointe cuí den scála tuarastail i gcomhréir le polasaí pá reatha an Rialtais.

Spriocdháta: : **7 Aibreán 2017**

Iarratas a dhéanamh:
Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh idirlín DCU (Folúntais Reatha – Comórtais Oscailte): http://www4.dcu.ie/hr/vacancies/current.shtml agus ón Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500. R-phost: hr.applications@dcu.ie.

Luaigh go soiléir san iarratas agus i líne ábhair an rphoist teideal an phoist a bhfuil tú ag cur isteach air: #521 Léachtóir le Gnó.

Ba chóir iarratais a chur de rphost chuig hr.applications@dcu.ie nó le Faics: +353 (0)1 700 5500 nó sa phost chuig: Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9, Éire.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Lecturer le Gnó (Irish-medium)

Faculty of Humanities and Social Sciences

Fiontar & Scoil na Gaeilge

Permanent Contract

Introduction

Dublin City University (www.dcu.ie) is a research-intensive, globally-engaged, dynamic institution that is distinguished by both the quality and impact of its graduates and its focus on the translation of knowledge into societal and economic benefit. DCU prepares its students well for success in life and in the workplace by providing a high-quality, rounded education appropriate to the challenges and opportunities of the 21st century. As Ireland's University of Enterprise, it is characterised by a focus on innovation and entrepreneurship and a track-record of effective engagement with the enterprise sector, including commercial, social and cultural enterprises. Excellence in its education and research activities has led to its consistent position in the rankings of the world's top young universities. DCU has been placed in the top 50 international universities under 50 years old in the recent QS 'Top 50 Under 50' rankings.

Fiontar & Scoil na Gaeilge is a research-intensive school which offers a range of programmes at BA, MA and PhD level with a strong focus on teaching, research and digital humanities. DCU is now seeking to appoint a Lecturer in Business (Irish-medium) on a permanent contract from 1 September 2017. Applicants should have a relevant postgraduate qualification. Specialist expertise in the following areas will be a factor in short-listing and final selection: strategic management, corporate law and governance, HR management, leadership, or other relevant areas in the discipline. The successful candidate will have a high level of fluency in the Irish language.

DCU Incorporation Programme

Dublin City University is growing and 2016 saw a significant transformation for the University. The DCU Incorporation Programme saw the coming together of St Patrick's College, Drumcondra, Mater Dei Institute of Education and Church of Ireland College of Education with Dublin City University. It brought together all the Humanities and Social Science disciplines at DCU, St Patrick's College and Mater Dei Institute in an enlarged Faculty of Humanities and Social Sciences with almost 200 staff.

Fiontar & Scoil na Gaeilge

Fiontar & Scoil na Gaeilge is a multidisciplinary School widely recognised for the quality of its programmes and for the innovative nature of the teaching and research undertaken by its staff. The School has two undergraduate programmes, *BA Gnó agus Gaeilge* and *BA Gaeilge agus Iriseoireacht*, two taught postgraduate programmes, *MA i Léann na Gaeilge* and *MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais*, as well as a PhD programme. Staff also contribute to the BA Joint Honours Programme within the Faculty of Humanities and Social Sciences, as well as the BEd and Professional Master's in Education (Primary) programmes in the DCU Institute of Education. The successful candidate will teach business-related modules within the School at both undergraduate and postgraduate levels and will be expected to play a role in the identification, development and delivery of new modules and programmes within the School, as appropriate. The School offers

excellent opportunities for candidates to teach within their own area of research specialisation and is currently growing its cohort of PhD candidates.

The School is committed to high quality research and supports its staff in such work. We have a highly successful track record in attracting external funding to support a range of research projects at the interface between the Irish language and digital humanities, e.g. ainm.ie, duchas.ie, Fáilte ar Líne, gaois.ie, iate.europa.eu, logainm.ie, speakapps.eu, and tearma.ie.

Skills and Experience
Applicants must hold an honours degree and a relevant postgraduate degree. Ideally, they will have significant experience in the discipline and will be currently engaged in doctoral studies. They should have appropriate higher-level teaching experience and a commitment to publishing in relevant journals. A proven ability to interact with academic and non-academic partners in the business sector would also be an advantage. The successful candidate will be capable of working as part of a team and should be self-motivated, flexible and adaptable in working across different areas of academic activity within the School. He/she will also have a high level of fluency in Irish.

Duties and Responsibilities
The duties and responsibilities of the position include, but are not limited to the following:

- teach modules at undergraduate and postgraduate level;
- pursue an active research agenda with ongoing research publications in leading international academic journals and with high-profile book publishers, both individually and, where appropriate, in collaboration with colleagues in DCU and elsewhere;
- supervise postgraduate research students;
- participate actively in School activities and contribute to the development of the School's profile in teaching and research;
- undertake administrative duties related to the position.

Informal enquiries to:
Prof. Ciarán Mac Murchaidh, Head of School, Fiontar & Scoil na Gaeilge
E-mail: ciaran.macmurchaidh@dcu.ie; Tel. +353 1 700 6344

Further information:
More information on the School, including specific areas of research expertise and details of taught programmes, may be found at: **http://www.dcu.ie/fiontar_scoilnagaeilge**.

Salary scales:
Lecturer above bar: €50,159 - €76,891*
Lecturer below bar: €37,352 - €51,724*

* Appointment will be commensurate with qualifications and experience, and will be made on the appropriate point of the salary scale in line with current Government pay policy.

Closing date: 7 April 2017

Application Procedure:
Application forms are available from the DCU Current Vacancies (Open Competitions) website at http://www4.dcu.ie/hr/vacancies/current.shtml and also from the Human Resources Department, Dublin City University, Dublin 9. Tel: +353 (0)1 700 5149; Fax: +353 (0)1 700 5500 Email: hr.applications@dcu.ie.

Please state clearly the role that you are applying for in both your application and email subject line: #521 Léachtóir le Gnó.

Applications should be submitted by e-mail to hr.applications@dcu.ie or by Fax: +353 (0)1 700 5500 or by post to the Human Resources Department, Dublin City University, Dublin 9, Ireland.

Dublin City University is an equal opportunities employer